# An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

## Foirm Ghearáin

Is féidir úsáid a bhaint as an bhfoirm seo chun gearán a dhéanamh maidir le Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe (Ceantálaí/Gníomhaire Eastáit/Gníomhaire Ligin nó Gníomhaire Bainistíochta).

Déantar aon fhaisnéis a sholáthraíonn gearánach, le linn gearán a dhéanamh nó mar thacaíocht i ndáil le gearán, a sholáthar don Soláthraí Seirbhísí Maoine is ábhar don ghearán.

Maidir leis an bhfaisnéis go léir agus maidir leis na sonraí pearsanta go léir a sholáthraíonn tú, déileálfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leo mar ábhar rúnda i leith na bpáirtithe iomchuí atá i gceist, agus déanfaidh sé amhlaidh de réir Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018.

Ní dhéanfar an fhaisnéis go léir a sholáthraítear don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine a chomhroinnt ach amháin le heagraíochtaí ceadaithe eile, rud a dhéanfar de réir an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Is féidir teacht ar théacs iomlán Bheartas PSRA

**Ciste Cúitimh an Údaráis:**

Tabhair ar aird más rud é gur fhulaing tú caillteanas airgeadais mar thoradh ar mhímhacántacht Sholáthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe, is fútsa atá sé éileamh a dhéanamh ar an "gCiste Cúitimh Seirbhísí Maoine". Ní mór Éileamh ar an gCiste Cúitimh a sheoladh ar aghaidh chuig an PSRA laistigh de 12 mhí ó fhaightear amach faoin gcaillteanas airgeadais, agus déanfaidh an tÚdarás d'iarratas a mheas ina dhiaidh sin. Is féidir tuilleadh eolais faoin gCiste Cúitimh a fháil ar láithreán gréasáin an PSRA: http://psr.ie/en/psra/pages/compensation_fund

## CUID A - Mionsonraí faoin nGearánach

| | | |
|---|---|---|
| A1 | **Teideal:** | |
| A2 | **Céadainm:** | |
| | **Sloinne:** | |

## CUID B - Mionsonraí faoin Soláthraí Seirbhísí Maoine (PSP)

| | | |
|---|---|---|
| B1 | **Teideal:** | (Uas, Iníon etc.) |
| B2 | **Céadainm:** | |
| | **Sloinne:** | |
| B3 | **Ainm an Ghnó:** | |
| B4 | **Seoladh an tSoláthraí Seirbhísí Maoine** | |
| B5 | **Uimh. Theileafóin** | |
| B6 | **Uimh. Fóin Póca** | |
| B8 | **Seoladh Ríomhphoist:** | |
| B9 | **Láithreán Gréasáin** | |

## CUID C - Imeachtaí Dlíthiúla

C1 **An bhfuil, nó an raibh, imeachtaí dlíthiúla ann maidir leis na saincheisteanna a ardaítear sa ghearán seo? Má tá nó má bhí, céard é stádas/toradh an cháis?**

TÁ/BHÍ ☐ NÍL/NÍ RAIBH ☐

Más é "Tá/Bhí" an freagra, tabhair mionsonraí, lena n-áirítear aon Uimhreacha Tagartha a bhaineann leis an gCás Cúirte

## CUID D - MIONSONRAÍ FAOIN nGEARÁN

D1

**Is ceart duit mionsonraí faoin ngearán a sholáthar anseo.**
**Mura bhfuil dóthain spáis ann, cuir an oiread leathanach breise is gá i gceangal leis seo.**

D2 **Sonraigh an caidreamh atá agat leis an Soláthraí Seirbhísí Maoine.**

## CUID E - Cáipéisí Tacaíochta

E1 **Má tá aon cáipéisí tacaíochta á gcur i gceangal leis seo agat, tabhair liosta de na cáipéisí sin anseo thíos. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist le doiciméid tacaíochta ná litreacha, ríomhphoist, bróisiúir nó fógráin. Ná cuir doiciméid bhunaidh ar fáil ag an gcéim seo.**

## CUID F - Eolas ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine

**F1** **Conas a tháinig tú ar an eolas faoin Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus faoin bpróiseas a bhaineann le gearán a dhéanamh?**

## CUID G - DEARBHÚ

**(Ní mór don Ghearánach an Chuid seo a chomhlánú)**

**Le gur féidir gearán a phróiseáil, déantar aon fhaisnéis a sholáthraíonn gearánach, le linn gearán a dhéanamh nó mar thacaíocht i ndáil le gearán, a sholáthar don Soláthraí Seirbhísí Maoine is ábhar don ghearán.**

**Tabhair ar aird más rud é gur fhulaing tú caillteanas airgeadais mar thoradh ar mhímhacántacht Sholáthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe nach mór éileamh ar an gCiste Cúitimh a bheith déanta leis an PSRA laistigh de 12 mhí ó fhaightear amach faoin gcaillteanas airgeadais.**

**Cuir tic sa bhosca lena léiriú go dtuigeann tú an dá ráiteas thuas** ☐

**Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa ghearán seo fíor agus iomlán ar gach slí.**

**Ainm:** ______________________
(BLOCLITREACHA)

**Síniú:** ______________________ **Dáta:** ______________________

**G1** **Seoladh:**

**G2** **Uimh. Theileafóin**

**G3** **Uimh. Fóin Póca**

**G4** **Seoladh Ríomhphoist:**

## NÓTA

Chun faisnéis a fháil faoin bpróiseas a bhaineann le gearáin a imscrúdú, féach Codanna 7 agus 8 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011.

Is féidir gearáin chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost chuig info@psr.ie. Mar mhalairt air sin, is féidir leat do ghearán a sheoladh ar an bpost chuig an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh, Co. na Mí. C15 K7PY

# Foirm Ghearáin PSRA (PSRA/COM1-12A)
# Fógra maidir le Príobháideachas

1. Déanann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) na sonraí a sholáthraíonn tú san fhoirm seo a bhailiú. Is é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Rialaitheoir Sonraí maidir leis an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ag;

   An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
   Foirgnimh na Mainistreach
   Bóthar na Mainistreach
   An Uaimh
   Co. na Mí

2. Bainfimid úsáid as na sonraí pearsanta a thugann tú san fhoirm seo chun imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán atá á dhéanamh agus i ndáil le haon fheidhmeanna eile atá leagtha amach faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus faoi na Rialacháin atá forordaithe leis an Acht sin.

3. Tá an bonn dlí leis na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil le fáil san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus faoi na Rialacháin atá forordaithe leis an Acht sin.

4. Déanfar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú anseo a stóráil go daingean ar fhreastalaithe de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. D'fhéadfadh sé tarlú go gcomhroinnfear iad, más cuí, le heagraíochtaí ceadaithe eile, lena n-áirítear iad seo a leanas: ranna rialtais, gníomhaireachtaí eile stáit, comhairleoirí dlí agus airgeadais.
   (Ar bhonn leanúnach, cuireann PSRA conarthaí cuí/meabhráin tuisceana chuí/comhaontuithe déthaobhacha cuí i bhfeidhm le tríú páirtithe a gcomhroinntear sonraí pearsanta leo.)

5. Déanfar na sonraí sin a stóráil de réir sceidil shonraithe PSRA maidir le coimeád sonraí.

6. Is féidir leat cóip de na sonraí a bhaineann leat féin agus a choimeádaimid a iarraidh. Is féidir sin a dhéanamh trí fhoirm maidir le hIarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a chomhlánú (atá ar fáil ar láithreán gréasáin PSRA ag http://psr.ie/en/PSRA/Pages/Data_Protection) agus í a chur ar aghaidh chuig info@psr.ie nó, leis an bpost, chuig Oifigeach Cosanta. Sonraí PSRA ag an seoladh anseo thíos. Beidh ort do chéannacht a fhíorú sular féidir na sonraí a chur ar aghaidh chugat.

7. Tá an ceart agat aon a iarraidh go ndéanfar aon mhíchruinnis i leith do chuid sonraí a cheartú. Chun sin a dhéanamh, is ceart duit scríobh chuig PSRA á rá cad é an míchruinneas ar gá é a cheartú.

8. Tá an ceart agat, más cuí, a iarraidh go scriosfar do chuid sonraí agus/nó go gcuirfear srian ar phróiseáil do chuid sonraí agus, chomh maith leis sin, tá an ceart agat cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí. De bhreis air sin, tá an ceart agat gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

9. Is féidir teacht ar thuilleadh mionsonraí faoi do chuid cearta i ndáil le cosaint sonraí i mBeartas an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine maidir le Cosaint Sonraí ar beartas é atá ar fáil ar láithreán gréasáin PSRA ag http://psr.ie/en/PSRA/Pages/Data_Protection

Chun plé a dhéanamh faoi aon fhiosruithe maidir leis an bhfoirm seo nó faoi aon saincheisteanna eile a bhaineann le cosaint sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí PSRA:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Foirgnimh na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí

Fón: 046-9033800
Ríomhphost: info@psr.ie